C/2025/6238

21.11.2025

Fógra ón gCoimisiún

Treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme praiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht faoi Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2023/988

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6238)

CLÁR ÁBHAR

Clár

1. Réamhrá 2
2. Cad é an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht? 2
3. Gnólachtaí an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid ar bhonn éigeantach 2
4. Faisnéis arna fáil ag údaráis um fhaireachas margaidh tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht 4
5. Rochtain ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht 5
   5.1. An chaoi le rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht 5
   5.2. Cé aige a bhfuil rochtain uirthi 5
6. An córas teanga is infheidhme 5

1. **Réamhrá**

Soláthraítear leis an bhFógra seo treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme praiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht, agus i ndáil leis an gcaoi ar féidir le gnólachtaí agus údaráis um fhaireachas margaidh rochtain a fháil ar an tairseach sin agus í a úsáid i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí ([1]).

Tá an Fógra seo beartaithe a bheith ina threoirdhoiciméad amháin, níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíocht an Aontais féin. Ní mór aon léamh údarásach ar an dlí a theacht ó théacs an Rialacháin agus go díreach ó chinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is de chineál ginearálta amháin í an fhaisnéis san Fhógra seo agus ní dhírítear í go sonrach ar aon duine ná ar aon eintiteas ar leith.

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas. Féadfar an treoir a thairgtear a mhodhnú tráth níos déanaí.

2. **Cad é an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht?**

Is í an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht an tairseach ghréasáin a chuirtear ar fáil ar an Tairseach Safety Gate trínar gá do ghnólachtaí údaráis na mBallstát um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha agus timpistí, lena n-áirítear na bearta nó na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na táirgí contúirteacha agus na tionóiscí sin, mar a thuairiscítear in Airteagal 9(8), Airteagal 10(2), Airteagal 11(2) agus (8), Airteagal 12(4), Airteagal 20 agus Airteagal 22 den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Tá sé éigeantach do ghnólachtaí úsáid a bhaint as an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht chun a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Ina theannta sin, is féidir le monaróirí í a úsáid freisin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 9(9) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.

3. **Gnólachtaí an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid ar bhonn éigeantach**

Ní mór do ghnólachtaí an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid i gcásanna áirithe agus ag brath ar a ról sa slabhra soláthair, is é sin, an bhfuil siad ag gníomhú mar oibreoir eacnamaíoch (rud a chiallaíonn an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, an soláthraí seirbhíse comhlíonta nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le táirgí a mhonarú nó iad a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) nó mar sholáthraí margaidh ar líne.

Is iad na hoibreoirí eacnamaíocha agus na soláthraithe margaí ar líne lena mbaineann an táirge sonrach atá faoi réir an fhógra a chuireann fógraí isteach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, nuair a cheanglaítear sin leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, bunaithe ar Airteagail 9, 10, 11, 12 agus 22 den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, nó ar bhonn Airteagal 20 den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí i gcás tionóiscí. Dá bhrí sin, eisiatar aon tríú páirtí eile (e.g. iomaitheoirí gnó) ó fhógraí a chur isteach tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Na tionóiscí nach mór d'oibreoirí eacnamaíocha fógra a thabhairt ina leith faoi Airteagal 20 den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, baineann siad le tarluithe a bhaineann le húsáid táirge a raibh bás duine nó éifeachtaí díobhálacha tromchúiseacha, ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine mar thoradh uirthi. Is féidir leis na héifeachtaí sin a bheith buan nó sealadach, agus d'fhéadfadh gortuithe, damáiste eile don chorp, tinnis agus éifeachtaí sláinte ainsealacha a bheith i gceist. ([2]) Faoi Airteagal 20(1) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, is oibleagáid é i gcás gach táirge, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais freisin a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, úsáid a bhaint as an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht chun tionóiscí a thuairisciú.

Monaróirí agus ionadaithe údaraithe

Faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, tá sé d'oibleagáid ar an monaróir na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi tháirge, má mheasann an monaróir nó má tá cúis aige a chreidiúint go bhfuil an táirge contúirteach (féach Airteagal 9(8)(c) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na bearta ceartaitheacha a rinneadh (féach Airteagal 9(8)(b) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

([1]) Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj.

([2]) Féach Airteagal 20(2) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.

Sampla 1. Faigheann an monaróir amach go bhfuil baol ann go dtitfidh an chathaoir infhillte a tháirg siad as a chéile faoi mheáchan an úsáideora, rud a fhágann go dtitfidh siad agus go ngortófar iad. Sa chás sin, ní mór don chuideachta an beart ceartaitheach/na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi sin, agus na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas faoi sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Baineann an oibleagáid sin freisin leis an ionadaí údaraithe, nach mór dó na húdaráis náisiúnta inniúla a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha agus tionóiscí tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht mura bhfuil sé sin déanta ag an monaróir cheana féin (féach Airteagal 10(2)(c) de Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

Thairis sin, má fhaigheann monaróir amach go raibh táirge ina chúis le tionóisc, ní mór don mhonaróir an tionóisc sin a thuairisciú tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach Airteagal 20(1) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí), gan moill mhíchuí ón tráth a fhaigheann sé amach faoin tionóisc. Mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ní mór don duine freagrach a áirithiú go dtuairiscítear an tionóisc tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht.

Ar deireadh, féadfaidh monaróirí an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht a úsáid chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi tháirgí contúirteacha (féach Airteagal 9(8)(c) agus Airteagal 9(9) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

Allmhaireoir

Tá sé d'oibleagáid ar allmhaireoirí táirgí contúirteacha a thuairisciú sna cásanna a leagtar amach thíos:

— **Táirgí nach bhfuil curtha ar an margadh go fóill.** Má bhraitheann an t-allmhaireoir go bhfuil táirge contúirteach sula gcuirtear ar an margadh é, ní mór don allmhaireoir monaróir an táirgí a chur ar an eolas agus a áirithiú go gcuirfear na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach Airteagal 11(2) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí). Ciallaíonn sé sin nach mór don mhonaróir an fhaisnéis sin a sheoladh tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, nó nach mór don allmhaireoir déanamh amhlaidh.

— **Táirgí atá curtha ar an margadh cheana**. Má mheasann an t-allmhaireoir, nó má tá cúis aige a chreidiúint, go bhfuil táirge a chuir sé ar an margadh contúirteach, ní mór don allmhaireoir an méid seo a leanas a dhéanamh láithreach: (i) an monaróir a chur ar an eolas (féach Airteagal 11(8)(a) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí); (ii) a áirithiú go bhfuil na bearta ceartaitheacha is gá déanta (agus mura bhfuil siad déanta ag an monaróir, bearta den sórt sin a dhéanamh iad féin láithreach) (féach Airteagal 11(8)(b) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí); (iii) a áirithiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas faoi sin láithreach (féach Airteagal 11(8)(c) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí); agus (iv) na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach Airteagal 11(8)(d) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

Sampla 2. Déanann cuideachta coinnleoir a allmhairiú. Tar éis é a chur ar an margadh, aithníonn an t-allmhaireoir gur féidir leis na scriúnna a choinníonn an coinneal isteach scaoileadh, rud a fhágann go bhféadfadh an choinneal titim ar an urlár agus a bheith ina cúis le dóiteán nó dó. Sa chás sin, ní mór don chuideachta an monaróir a chur ar an eolas faoin riosca a bhraitear i ndáil leis an táirge agus a sheiceáil an ndéanann an monaróir na bearta ceartaitheacha is gá, an gcuireann sé na tomhaltóirí ar an eolas faoi sin agus an gcuireann sé na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht. Mura ndéanann an monaróir bearta ceartaitheacha éifeachtacha, ní mór don allmhaireoir an beart ceartaitheach iomchuí a dhéanamh.

— **Tuarascálacha ar thionóiscí.** Má tá eolas ag allmhaireoir maidir le tionóisc arbh é táirge a chuir sé ar an margadh nó a chuir sé ar fáil ar an margadh ba chúis leis, ní mór don allmhaireoir an monaróir a chur ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí. Ní mór don mhonaróir fógra a thabhairt faoin tionóisc ansin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht nó treoir a thabhairt don allmhaireoir déanamh amhlaidh. Mura bhfuil an monaróir bunaithe san Aontas, ní mór don allmhaireoir a áirithiú go dtugtar fógra faoin tionóisc (féach Airteagal 20 den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

An duine atá freagrach

Mura bhfuil monaróir an táirge bunaithe san Aontas, ní mór don duine atá freagrach de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí nó Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 a áirithiú go dtugtar fógra tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht faoi thionóisc a bhfuil sé ar an eolas aige fúithi.

Dáileoir

Tá sé d'oibleagáid ar dháileoirí gníomhaíocht a dhéanamh má mheasann siad go bhfuil táirge contúirteach nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais lipéadaithe agus sábháilteachta a leagtar amach in Airteagail 9(5), (6) agus (7) agus Airteagal 11(3) agus (4) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. D'fhéadfadh sé, mar shampla, nach bhfuil faisnéis áirithe ag gabháil leis an táirge, is é sin le rá faisnéis lena sainaithnítear an táirge, faisnéis lena sainaithnítear an monaróir agus an t-allmhaireoir, nó faisnéis sábháilteachta agus treoracha soiléire. Ní mór don dáileoir a áirithiú go gcuirfear na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas láithreach faoi na neamhrialtachtaí sin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach Airteagal 12(4)(c) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí). Ciallaíonn sé sin nach mór don mhonaróir nó an t-allmhaireoir an fhaisnéis sin a sheoladh tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, nó nach mór don dáileoir é a dhéanamh.

Sampla 3. Dáileann cuideachta muincí gearradh fiacla atá beartaithe do leanaí. Tar éis di an táirge a chur ar fáil ar an margadh, faigheann an chuideachta amach go mbriseann na muincí go héasca, rud a fhágann go scaoiltear páirteanna beaga. D'fhéadfadh leanaí faoi bhun 36 mhí d'aois iad a chur ina mbéal agus d'fhéadfadh sé go dtachtfaí orthu go héasca iad. Is sampla é sin de chás nach mór don dáileoir a áirithiú go gcuirtear na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (trí fhógra ón monaróir nó ón allmhaireoir, nó tríd an bhfaisnéis sin a sheoladh iad féin mura ndearna an monaróir nó an t-allmhaireoir amhlaidh).

I gcás tionóiscí, ní mór d'allmhaireoir a bhfuil eolas aige faoi thionóisc arbh é táirge a chuir sé ar an margadh nó a chuir sé ar fáil ar an margadh ba chúis léi, an monaróir a chur ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí. Is féidir leis an monaróir treoir a thabhairt don dáileoir fógra a thabhairt faoi thionóiscí a bhaineann le táirgí tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht thar a cheann (féach Airteagal 20(3) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí).

Soláthraithe margaí ar líne

Tá soláthraithe margaí ar líne faoi réir oibleagáidí tuairiscithe freisin tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht (féach Airteagal 22(12), pointe (d) agus pointe (e)(ii) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí). Ní mór do sholáthraithe margaí ar líne táirgí contúirteacha a thuairisciú do na húdaráis um fhaireachas margaidh, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, a bhfuil eolas iarbhír acu orthu agus a tairgeadh ar a gcomhéadain ar líne, chomh maith le haon tionóisc de bharr táirge a cuireadh ar fáil ar a margadh ar cuireadh ar an eolas iad ina leith agus a raibh riosca tromchúiseach nó damáiste iarbhír do shláinte nó do shábháilteacht tomhaltóra mar thoradh uirthi. Ní mór dóibh freisin na trádálaithe agus na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha a chur ar an eolas gan mhoill faoin bhfaisnéis a fuair siad maidir le tionóiscí nó saincheisteanna sábháilteachta, i gcás ina bhfuil eolas acu gur thairg na trádálaithe sin an táirge i gceist trí chomhéadain na soláthraithe margaí ar líne.

Sampla 4. Cuirtear soláthraí margaidh ar líne ar an eolas trí ghearán ó thomhaltóirí nó ón bpreas go bhfuil substaintí ceimiceacha i mbábóg phlaisteach a dhíoltar ar a mhargadh, ar substaintí iad nach bhfuil údaraithe san Aontas agus a chuireann sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí i mbaol. Sa chás sin, ní mór do sholáthraí an mhargaidh ar líne údaráis an Aontais um fhaireachais margaidh a chur ar an eolas agus sonraí leordhóthanacha a sholáthar faoin riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí, tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, agus an trádálaí a thairg an táirge a chur ar an eolas dá réir sin trí chomhéadan ar líne an tsoláthraí sin.

4. Faisnéis arna fáil ag údaráis um fhaireachas margaidh tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht

Tríd an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, faigheann údaráis Bhallstáit an Aontais um fhaireachas margaidh faisnéis ó oibreoirí eacnamaíocha faoi tháirgí contúirteacha atá curtha ar an margadh acu nó curtha ar fáil ar an margadh acu agus ó sholáthraithe margaí ar líne faoi tháirgí contúirteacha a tairgeadh do thomhaltóirí an Aontais trína gcomhéadain ar líne. Faigheann siad faisnéis freisin faoi thionóiscí arb é táirge a chuirtear ar fáil ar na comhéadain sin is cúis leo. Déanann na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh anailís ar an bhfaisnéis sin go léir. Má chinneann na húdaráis náisiúnta go bhfuil táirge contúirteach nó neamhchomhlíontach ar bhealach eile leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, déanfaidh na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh bearta iomchuí. Má bhaineann riosca tromchúiseach do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí leis an táirge, tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta fógra a thabhairt faoin táirge agus faoi na bearta ábhartha a dhéantar tríd an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate. Má bhaineann riosca nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna leis an táirge, ní mór do na húdaráis náisiúnta, in aon chás, an Coimisiún a chur ar an eolas agus fógra a thabhairt faoin táirge agus faoi na bearta ábhartha tríd an gcóras céanna.

5. **Rochtain ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**

I dteannta na faisnéise atá san Fhógra seo, soláthraítear tuilleadh faisnéise teicniúla a leagtar amach céim ar chéim maidir le húsáid phraiticiúil na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht i Lámhleabhar Úsáideora na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht le haghaidh Oibreoirí Eacnamaíocha agus Soláthraithe Margaidh ar Líne agus i Lámhleabhar Úsáideora na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht d'Údaráis Náisiúnta ([3]), atá ar fáil ar thairseach ghréasáin na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht ([4]).

5.1. **An chaoi le rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht**

Is féidir leat rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht tríd an roinn ábhartha den Tairseach Safety Gate.

5.2. **Cé aige a bhfuil rochtain uirthi**

Tá rochtain ag na páirtithe seo a leanas ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht:

a) Oibreoirí eacnamaíocha agus soláthraithe margaí ar líne

Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus soláthraithe margaidh ar líne rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht i gcomhréir le hAirteagal 27(1) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Níl rochtain acu ach ar fhaisnéis a bhaineann leis na fógraí a chuir siad isteach.

Chun rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht, tá gá le cuntas EU Login (seirbhís fíordheimhniúcháin éigeantach an Choimisiúin).

b) Údaráis na mBallstát um fhaireachas margaidh

Is féidir le húdaráis um fhaireachas margaidh rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht chun bheith curtha ar an eolas faoi fhógraí arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha nó ag soláthraithe margaí ar líne dá dtagraítear faoi phointe (a). Teastaíonn cuntas EU Login uathu chun rochtain a fháil ar an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht. Níl rochtain ag gach údarás um fhaireachas margaidh ach ar na fógraí a chuirtear isteach chuig a mBallstát nó a mBallstáit féin.

c) An Coimisiún Eorpach

Is é an Coimisiún Eorpach riarthóir Safety Business Gateway. Cuireann sé ar a gcumas do ghnólachtaí faisnéis a fhoilsiú ar a thairseach ghréasáin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi Airteagal 9(9) den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.

6. **An córas teanga is infheidhme**

Tá an Tairseach Ghnó maidir le Sábháilteacht ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, agus san Íoslainnis agus san Ioruais chomh maith.

([3]) Tabhair faoi deara nach bhfuil rochtain ach ag údaráis na mBallstát um fhaireachas margaidh ar lámhleabhar Úsáideora na Tairsí Gnó maidir le Sábháilteacht d'Údaráis Náisiúnta.

([4]) Is féidir rochtain a fháil ar thairseach ghréasáin Safety Business Gateway tríd an Tairseach Safety Gate.